



TITHE BAILE A SHEACHADADH POBAIL A CHOTHABHÁIL

Achoimre

Is áiteanna iad pobail inbhuanaithe a dteastaíonn ó dhaoine cónaí agus oibriú iontu, anois agus amach anseo. Freastalaítear ar riachtanais éagsúla na gcónaitheoirí atá iontu faoi láthair agus iad sin a bheidh iontu amach anseo, ní chuireann siad isteach ar an timpeallacht ina bhfuil siad agus cuireann siad le hardchaighdeán saoil. Tá siad sábháilte agus cuimsitheach, pleanáilte, tógtha agus rite go maith agus cuirtear comhionannas deiseanna agus seirbhísí maithe ar fáil do chách.

Soláthraíonn TITHE BAILE A SHEACHADADH, POBAIL A CHOTHABHÁIL Fís don am atá le teacht.

Leagann an ráiteas amach fís uileghabhálach chun forbairt earnáil tithíochta na hÉireann sna deich mbliana amach romhainn a threorú, trí fhreagraí tithíochta níos mó agus ar chaighdeán níos fearr a sheachadadh agus trí sin a dhéanamh ar shlí níos straitéisí a bheidh dírithe ar phobail inbhuanaithe a thógáil. Leagtar amach raon gníomhartha sa ráiteas polasaí atá dírithe ar na nithe seo a leanas:

- Pobail inbhuanaithe a thógáil.
- Freagairt do riachtanais tithíochta ar shlí a chuireann rogha ar fáil agus a spreagann freagracht an duine aonair laistigh de phobail. Tá béim shoiléir ar chur chuige seirbhísí – ceann a dhíríonn tacaíochtaí ar líonta tí agus an aois atá acu a thógáil san áireamh.
- Cláir thithíochta a sheachadadh go héifeachtach chun torthaí níos fearr a fháil do na líonta tí a fhaigheann tacaíocht mar aon le luach ar airgead níos fearr don cháin-íocóir.

Áireofar leis na gníomhartha sin:

- **Clár oibre polasaí** le leathadh amach i gcomhairle le

geallsealbhóirí, agus raon treoircháipéisí chun tacú le tógáil na bpobal inbhuanaithe. Eiseofar príomhcháipéisí sa tsraith treoracha sin i 2007.

- **Clár reachtúil** chun tacú le hathchóiriú tithíochta sóisialta, le cláir thithíochta a sheachadadh, clár a mbeidh baint aige le húsáid na talún.
- **Scéimeanna nua chun** tacú le tionóntaí tithíochta sóisialta atá ag iarraidh a gcuid tithe a cheannach agus riachtanais daoine scothaosta agus dhaoine faoi mhíchumas a chomhlíonadh chun tithe próbháideacha a chur in oiriúint chun freastal ar a gcuid riachtanais.
- Úsáid éifeachtach as **infheistíocht €18 billiúni** gcláir thithíochta atá curtha ar fáil sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.
- Riachtanais **thart ar 140,000 líonta tí** nua a chomhlíonadh thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta.
- Díriú ar fheabhas a chur ar ardchaighdeán an stoc tithíochta sóisialta, agus cláir leathana **d'athnuachan tithíochta agus comharsanachtaí.**


POBAIL INBHUANAITHE A THÓGÁIL

Éilíonn tógáil pobal inbhuanaithe idirghíomhartha tábhachtacha idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon. Is éard atá i gceist leis sin soláthar dóthanach de thithíocht ar ardchaighdeán a sholáthar in Éirinn sna áiteanna is oiriúnaí agus den chineál a bheidh de dhíth orthusan a bheidh ag lorg cóiríochta.

Léiríonn fás réamhthuartha ar gheilleagar agus ar dhaoir na hÉireann go leanfaidh an t-éileamh ard ar thithíocht agus ba é 2006 an dara bliain déag inar tháinig ardú ar an líon tithe a tugadh chun críche agus tógadh thart ar 93,000 teach nua. Táimid ag tógáil tithe ag an ráta is airde in aghaidh an duine san Eoraip.

Graf 1:

Tithe a Críochnaíodh 1997-2006



Cé go meastar go mbeidh aschur tithíochta ag laghdú de réir a chéile san fhadtéarma, mar sin féin, meastar go dtógfar 600,000 teach sna naoi mbliana amach romhainn.

Cuireann sin deis ar fáil forbairt nua den ardchaighdeán fisiciúil agus comhshaoil is fearr a sheachadadh a chuirfidh le pobail níos inbhuanaithe mar aon le forbairt réigiúnach níos fearr a bhaint amach.

Tá an creat pleanála ann chun an clár oibre sin a sheachadadh agus tá acmhainní á soláthar faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, a thacóidh le hinfrastuchtúr iompair, le seirbhísí talamh agus le hinfrastuchtúr sóisialta.



Leagann *Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a ChoThabháil* amach raon gníomhartha lena chinntiú go ndéanfar an tithíocht sin a sheachadadh ar shlí a thógfaidh pobail inbhuanaithe, a chuirfidh le rogha an tomhaltóra agus a spreagfaidh feabhsúcháin leanúnacha ó thaobh ardchaighdeáin. Áirítear orthu sin:

- **Treoir nua** a chuirfidh leis an tsraith sárchleachais maidir le pleanáil uirbeach atá ann cheana féin e.g. le heisiúint i 2007:
 - Treoirlínte ar Thithíocht Inbhuanaithe - Caighdeán Deartha d'Árasáin.
 - Treoirlínte Dlúis Chónaitheachta agus Forbartha a bheidh nuashonaithe agus leathnaithe, agus lámhleabhar sárchleachtais i gcomhar leo ar dhearadh uirbeach.
 - Treoir maidir le freagrachtaí na n-údarás áitiúil maidir le saoráidí in eastáit ard-dlúis.
 - Treoir nua chun teacht in áit Treoirlínte Deartha Tithíochta Sóisialta.
- Tá **reachtaíocht nua** á fhorbairt chun cumhachtaí a thabhairt d'údarás áitiúla gníomhú ar bhonn roghnaíoch chun dlús a chur faoi fhorbairt thalamh críosaithe cuí do thithíocht, trí scéim “úsáid é nó caill é”.
- **Inbhuanaitheacht comhshaoil thithíocht nua a fheabhsú go leanúnach** trí rialacháin thógála agus cóid dheonacha agus rialacháin thógála.
- **Polasaí tithíochta a éabhlóidiú chun éagsúlacht na bpobal a léiriú** (lena n-áirítear mar shampla riachtanais tithíochta na n-imirceach nua agus na ngrúpaí eitneacha agus na ndaoine faoi mhíchumas).
- **Gníomh ar Chaighdeán Cíosa Phríobháideacha (2006)** leagtar amach raon gníomhartha chun feabhas a chur ar chaighdeán san earnáil cíosa príobháideach.

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA NA HÉIREANN A ATHRÚ Ó BHONN

FREAGAIRT NÍOS FEARR AR RIACHTANAS TITHÍOCHTA

Tá aidhm shoiléir i dTithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Chohtabháil freisin chun athrú céime ó thaobh soláthar tacaíochta tithíochta a bhaint amach chun seachadadh níos éifeachtaí a chinntiú. Ba chóir go dtabharfaí roghanna a bheidh sainoiriúnaithe dá riachtanais do dhaoine aonair a mbeidh tacaíocht uathu. Ba chóir gurb é an toradh a bheadh ar na freagraí sin deiseanna saoil níos fearr agus go mbrisfí na timthriallta míbhuntáiste agus spleáchais.

RAON TACAÍOCHTAÍ TITHÍOCHTA SOLÚBTHA AGUS GRÁDAITHE A CHUR AR FÁIL

Is é príomhchuspóir polasaí tithíochta na hÉireann a chur ar chumas gach líon tí teaghais inacmhainne d'ardchaighdeán a bheith ar fáil dóibh, a bheidh oiriúnach dá riachtanais, i dtimpeallacht mhaith agus an méid agus is féidir le tionacht dá rogha féin.

Comhlíonann mórán líonta tí na riachtanais sin óna n-acmhainní féin tríd an margadh príobháideach Teastóidh tacaíocht ó roinnt líonta tí lena chinntiú go mbeidh cóiríocht réasúnach acu. Díríonn *Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Chohtabháil* ar chóras solúbtha agus grádaithe de thacaíochtaí tithíochta a fhorbairt chun freastal ar an speictream leathan de riachtanais tithíochta, trí na nithe seo a leanas go príomha:

- Bealaí go húinéireacht tí
- Tacaíocht tithíochta sóisialta.

SOLÁTHAR DO RIACHTANAS TITHÍOCHTA SPEISIALTA

Ní mór aird ar leith a thabhairt orthusan le riachtanais tithíochta speisialta feadh an raon seirbhísí. Le *Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Chohtabháil* cuirtear béim ar leith ar fhreagra idirghníomharachta a fhorbairt, áit a mbainfidh diminsean cúraim leis na tacaíochtaí a bheidh de dhíth. Áireofar ar na gníomhartha eile sa réimse sin:

- Tabharfar riachtanais tithíochta speisialta le fios i bPleananna Gnímh Tithíochta amach anseo.
- Tá **straitéisí do dhaoine gan dídean** á n-athbhreithniú. Tá sé i gceist aghaidh a thabhairt ar staid na ndaoine gan dídean atá i gcoiríocht éigeandála fadtéarmach le súil agus deireadh a chur leis an staid sin ina bhfuil daoine gan dídean faoi 2010.
- **Straitéis Tithíochta Náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas** le forbairt faoi 2009.

- Infheistíocht chaipitil leanúnach i gclár **Cóiríochta don Lucht Siúil**; nósanna imeachta nua a fhorbairt chun feabhas a chur ar bhainistiú agus ar chohtabháil sainchóiríocht don Lucht Siúil.
- **Scéimeanna deontais nua** chun teacht in áit tacaíocht deontais chun tithe a oiriúnú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta, agus déanfar iad sin a leathadh amach i 2007. Beidh na scéimeanna nua níos sruthlínithe agus díreofar níos mó orthu sin is mó a bhfuil cúnaim de dhíth orthu.



SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA A ATHCHÓIRIÚ...

Le *Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Chohtabháil*, leagtar amach raon gníomhartha chun feabhas a chur ar sheirbhísí tithíochta. Tá an bhéim ar fheabhas a chur ar rogha, cur le freagracht phearsanta agus seirbhísí a shainoiriúnú chun freastal níos fearr ar riachtanais chóiríochta de réir mar a fhorbrófar iad i rith saol an duine. Áireofar ar na gníomhartha:

- **Ionaid chomhairle tithíochta** a bhunú i ngach mór-údarás tithíochta chun eolas a sholáthar do gach iarratasóir mar aon le seirbhísí leanúnacha do thionóntaí.
- Clár nua **d'athchóiríú tithíochta sóisialta** a leathadh amach (le tacaíocht ó reachtaíocht atá á dréachtú faoi láthair), agus áireofar na nithe seo a leanas ann
 - Bealach nua a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tacaíocht tithíochta sóisialta.
 - A chinntiú go léireoidh comhaontuithe tionachta cothromaíocht chuí de chearta agus d'fhreagrachtaí.
 - Cíosa cothroma agus polasaithe leithroinnte a chinntiú
 - Córas sásaimh a sholáthar do thionóntaí de chuid údaráis áitiúil.

BEALAÍ GO HÚINÉIREACHT TÍ

Creideann an Rialtas gur chóir go mbeadh úinéireacht tí ar fáil don méid daoine agus is féidir ar mian leo an rogha sin a ghlacadh. Tugtar tacaíocht do rochtain ar thithíocht chéad cheannaitheoirí trí na nithe seo a leanas:

- tithíocht inacmhainne, lena n-áirítear úinéireacht roinnte.
- bealaí ó thithíocht shóisialta go húnéireacht tí.

INFHEISTÍOCHT DE BHEAGNACH €4 BILLIÚN FAOIN BPLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA MAIDIR LE TITHÍOCHT INACMHAINNE

Tugann tithíocht inacmhainne deis do chéad cheannaitheoirí tithe a fháil ag lascainne ó phraghsanna an mhargaidh. Cuirfear sin i gcrích trí na nithe seo a leanas:

- Tógáil ar (nó malairt de) thalamh de chuid údaráis áitiúla nó ar thalamh Stáit.
- Socruithe Chuid V.
- Tionscadail forbartha ag an earnáil dheonach tithíochta agus ag earnáil tithíochta na gcomharchumann.
- Aonaid sa mhargadh príobháideach, faighte ag údaráis áitiúla nó ag daoine aonair trí úinéireacht roinnte.

Raon
Meicníochtaí
Seachadta

Tithe
Inacmhainne
le díol

Ceannaitheoirí
Incháillithe

Tacaíonn an Stát leis an seachadadh sin trí fhóirdheontais, maoiniú iasachta agus talamh an Stáit a sholáthar. Tá thart ar 4 billiún curtha ar leataobh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2016 d'fhonn sin.

BAINFIDH 40,000 LÍONTA TÍ LEAS AS TITHÍOCHT INACMHAINNE

Thar thréimhse an Phlean, bainfidh thart ar 40,000 líonta tí leas as tithíocht inacmhainne. Déanfar 17,000 acu sin a sheachadadh sna chéad trí bliana den tréimhse sin, ag teacht leis an gcomhaontú in *I dTreo 2016*.

AN CHOMHPHÁIRTÍOCHT UM THITHE INACMHAINNE AG CUIDIÚ LE SEACHADHADH

Tá an Chomhpháirtíocht um Thithe Inacmhainne, a bunaíodh i lár 2005 ag stiúradh seachadadh tithe inacmhainne i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ag cuidiú le tionscnaimh náisiúnta áirithe a leathadh amach. (www.affordablehomes.ie).



BEALAÍ Ó THITHÍOCHT SHÓISIALTA GO H ÚINÉIREACHT TÍ

Tá leibhéal arda úinéireachta tí in Éirinn mar gheall ar scéimeanna ceannacháin tionóntaí a bheith ar fáil laistigh dár stoc tithíochta sóisialta den chuid is mó. Aithníonn *Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Chothabháil* ról na scéimeanna sin mar éascaíocht do theaghligh ar ioncam íseal teach a fháil agus cobhsaíocht níos fearr a thabhairt do phobail. Tugann an ráiteas na nithe seo a leanas le fios.

SCÉIM NUA CEANNACHÁIN TIONÓNTAÍ DO THIONÓNTAÍ REATHA

Tá reachtaíocht a bheidh mar bhonn do scéim nua ceannacháin tionóntaí do thionóntaí reatha á dréachtadh. Áireofar leis sin téarmaí athbheithnithe agus leagfar amach na socruithe maidir le hárasáin a dhíol.

SCÉIM CEANNACHÁIN INCRIMINTEACH NUA

Is scéim nua í seo chun cur le rochtain ar úinéireacht tí do ghrúpaí ar ioncam íseal. Is féidir le hiarratasóirí thithíocht shóisialta rogha a bheith acu gnáthscair a bheith acu ar dtús nuair a leithdháilfear an teach. Ceannófar an chuid eile de na scaireanna thar thréimhse ama i dtráthchodanna réamhshocraithe.

BEALAÍ LE BHEITH MAR ÚINÉIR TÍ I DTITHÍOCHT DHEONACH AGUS I DTITHÍOCHT NA GCOMHARCHUMANN

Meastar go dtionscnófar scéim phíolótach i 2007 do thithe baile nua bunaithe ar shamhail ceannacháin incriminteach chun go mbainfear amach na huailmhianta maidir le húnéireacht tí na dtionóntaí i dtithíocht dheonach agus i dtithíocht na gcomharchumann.

TACAÍOCHT TITHÍOCHTA SÓISIALTA A LEATHNÚ

INFHEISTÍOCHT DE €12 BILLIÚN FAOIN BPLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2007-2013

Léiríonn *Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Choethabháil* agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2016 an tiomantas láidir maidir le soláthar níos mó de thithíocht sóisialta in *dTreo 2016*. Bhí tionchar ag tuarascáil de chuid na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach i 2004 Housing in Ireland – Policy and Performance a mhol cur leis an aschur tithíochta sóisialta ach fócas tábhachtach a choimeád ar ardchaighdeán tithíochta ag an am céanna.

Soláthraíonn an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2016 thart ar €12 billiún chun roghanna tithíochta sóisialta a sheachadadh do líonta tí nua a bheidh ag lorg tithíocht shóisialta .

FREASTAL AR RIACHTANAS 100,000 LÍONTA TÍ

Úsáidfeadh na hacmhainní sin chun freastal ar riachtanas thart ar 100,000 líonta tí trí thús a chur le 63,000 teach sóisialta nua nó iad sin a fháil sa tréimhse 2007-2013, trí mheascán de thithíocht údaráis áitiúil, deonach agus comharchumann mar aon le haonaid nua don Scéim Cóiríochta Cíosa. Beidh leas ag tuilleadh líonta tí freisin de réir mar a aistroidh siad chuig an Scéim Cóiríochta Cíosa leis na tiarnaí talún acu acu faoi láthair nó ó fholúntais a thiofadh aníos mar is gnáth.

SEACHADH A PHLEANÁIL

Tá pleananna Gníomhartha Tithíochta ilbhliantúla i bhfeidhm ag comhairlí cathrach agus contae arb éard atá i gceist leo tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sheachadadh ina gceantar féin, lena n-áirítear comhairlí baile. Soláthraíonn na pleananna sin an creat chun freagra comhsheasmhach agus iomlánaíoch maidir le riachtanas tithíochta áitiúil a bhaint amach. Tá reachtaíocht á dréachtú faoi láthair chun stádas reachtúil a thabhairt do na pleananna sin.

ARDCHAIGHDEÁN A SHEACHADH

Ba chóir tithíocht shóisialta, i dtéarmaí ardchaighdeán, a bheith ar chomhchéim le tithíocht phríobháideach den chineál céanna. Beidh béim níos mó ar inbhuanaitheacht lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh agus cosaint an chomhshaoil i dtreoirínte nua a eiseofar i 2007 - **Tithíocht d'Ardchaighdeán do Phobail Inbhuanaithe**.

Tabharfar isteach **Profáil Pobail Inbhuanaithe** do gach tionscadal nua, lena chinntiú go mbeidh tionscadail deartha le pobail inbhuanaithe maithe a chinntiú san fhadtéarma. Go hidéalach, bheadh tionacht measctha i ngach tionscadal tógála nua.



SEACHADH SNA TRÍ BLIANA AMACH ROMHAINN

Tá acmhainní á gcur ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta chun cuidiú le tús a chur le thart ar 27,000 aonad nua de thithíocht shóisialta a chur ar fáil ar feadh an tréimhe 2007-2009. Cuirfidh Údaráis Áitiúla tús le thart ar 300 tionscadal tógála nua i 2007, iad seo a leanas san áireamh, mar shampla:

- 72 teach ar Bhóthar Bhaile Uí Mhatháin, Longfort.
- 60 teach in Dirreen, Cill Airne, Co. Chiarraí.
- 60 teach in Carnamuggragh, Co. Dhún na nGall.
- 45 teach i bhFionnaghlás, Baile Átha Cliath.
- 35 teach i Mainistir na Corann, Co. Chorcaí.
- 32 teach i Fettercairn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath.
- 31 teach i Trá Mhór, Co. Phort Láirge.
- 30 teach ar an Tóchar, Co. Chill Mhantáin.

Cuirfidh an earnáil dheonach tithíochta agus earnáil tithíochta na gcomharchumann tús le os cionn 100 tionscadal nua, iad seo a leanas san áireamh:

- 31 teach i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath.
- 40 teach ar Shráid Chaomhín, Baile Átha Cliath.
- 28 teach i mBaile Átha Í, Co. Chill Dara.
- 37 teach in Áth Trasna, Co. Chorcaí.
- 6 teach i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.

TACÚ LE SEACHADH ÓN EARNÁIL DHEONACH TITHÍOCHTA AGUS Ó EARNÁIL TITHÍOCHTA NA GCOMHARCHUMANN

Tá an earnáil tithíochta dheonach agus earnáil tithíochta na gcomharchumann ag déanamh an-obair maidir le seachadadh tithíocht shóisialta in Éirinn. Chun tacú tuilleadh leis an seachadadh sin sna blianta amach romhainn, tá na gníomhartha a bhaineann leis na nithe seo a leanas san áireamh i *Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Choethabháil*.

- socruithe maoinithe nua.
- láithreáin agus tailte a sholátha.
- rialú níos fearr.

TITHÍOCHT AGUS COMHARSANACHTAÍ A ATHNUACHAN

INFHEISTÍOCHT DE THART AR €2 BILLIÚN FAOIN bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

In *Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a ChoThabháil*, soláthraítear d'ardú beartaithe agus comhbheartaithe maidir le hinfheistíocht i dtithíocht shóisialta reatha sna mblianta beaga amach romhainn. Tá infheistíocht de bheagnach €2 billiún faoin bPlean Forbartha Náisiúnta nua mar thacaíocht dó sin.

ATÓGÁIL I NGeATAÍ

Tá dul chun cinn ollmhór déanta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir lena stoc a atógáil agus a athnuachan, le tionscadail ceannródaíochta i mBaile Munna agus i Fatima Mansions. Tá tionscadail eile ar bun nó beartaithe ar fud na tíre. Tá naisc thábhachtacha á ndéanamh le hinfheistíochtaí i nGeataí, agus bearta uilechuimsitheachta sóisialta aitheanta i roinnt cásanna mar nithe atá tábhachtach dá bhforbairt.


AN STRAITÉIS SPÁIS NÁISIÚNTA (NSS)

Geataí agus Moil

Eochar

● Geata/Geataí Naschta

○ Atógáil



GNÍOMHAIREACHTAÍ ATÓGÁLA

Soláthraítear i *Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a ChoThabháil* do bhunú saingníomhaireachtaí atógála do thionscadail níos mó chun an próiseas atógála a stiúradh trí na rannpháirtithe go léir a bheith rannpháirteach. Tabharfar tosaíocht do mholtaí ó Gheataí chun struchtúir den sórt sin a bhunú.

I gcásanna eile, beidh tábhacht le tacaíocht ó fhoirne ildisciplíneacha a bheidh ag tuairisciú chuig Bord Forbartha Cathrach/Contae. Tá Aonad Atógála bunaithe ag an nGníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta chun tacaíocht theicniúil a thabhairt d'údarás áitiúla.



AN CISTE NUA DO PHOBAIL INBHUANAITHE

Beidh an Roinn ag cur cistí ar fáil (€8 milliún i 2007) chun tacú le céimeanna áirithe a bheidh i gceist leis an stoc tithíochta a atógáil agus feabhas a chur air. Beidh cuid den chiste dírithe ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta.

AN STOC TITHÍOCHTA AGUS BAINISTIÚ EASTÁT A FHEABHSÚ

Cuireann *Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a ChoThabháil* béim thábhachtach ar a chinntiú go gcoimeádfar ardchaighdeán, cibé trí chlár de chothabháil atá beartaithe nó trí dhea-bhainistiú eastát. Áirítear na nithe seo a leanas a chomhlíonadh chun é sin a bhaint amach:

- Socruithe maoinithe nua chun tacú le clár atógála tithíochta na n-údarás áitiúil.
- Maoiniú ó scéimeanna náisiúnta eg. Scéim teasa lárnigh a mheaitseáil; scéimeanna amach anseo chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, inoiriúnaitheacht ar feadh an tsaol, etc.
- Roinnt tacaíochta le tabairt do thithíocht dheonach agus do thithíocht na gcomharchumann atá níos sine.
- Iníuchadh binsemharcála de stoc tithíochta sóisialta le bheith déanta i 2007/2008.

